**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear an chéad abairt d'Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ([1]) a léirmhíniú sa chaoi go dtagann conradh a thugtar i gcrích idir duine príobháideach agus léasóir tráchtála tithe saoire maidir le bungaló a ligean go gearrthéarmach i bpáirc saoire arna hoibriú ag an léasóir, agus lena bhforáiltear, i dteannta leis an mbungaló a ligean ar cíos, do ghlanadh ag deireadh an fhanachta agus soláthar éadaí leapa mar sheirbhísí breise, faoi dhlínse eisiach an Stáit ina bhfuil an cíos-mhaoine sin suite, gan beann ar cé acu an leis an léasóir nó le tríú páirtí an bungaló saoire?

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) arna taisceadh an 27 Iúil 2022 — Agenzia delle Dogane e dei Monopoli v Girelli Alcool Srl**

**(Cás C-509/22)**

(2022/C 389/10)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

*Cosantóir:* Girelli Alcool Srl

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1) Ar an gcéad dul síos, an gá coincheap na n-imthosca neamh-intuartha as a n-eascraíonn caillteanais a thabhaítear faoi shocruithe fionraí dleachta, de réir bhrí Airteagal 7(4) de Threoir 2008/118/CE, ([1]) a léirmhíniú amhail i gcás force majeure, mar imthosca neamhghnácha agus neamh-intuartha lasmuigh den choimeádaí údaraithe, nach féidir a sheachaint in ainneoin go ndearna sé gach réamhchúram ar an gcás, agus go seachnaítear go hoibiachtúil aon fhéidearthacht a rialaithe?

2) Ar an dara dul síos, chun dliteanas a eisiamh i gcás imthosca neamh-intuartha, an bhfuil na réamhchúram is gá á nglacadh chun an teagmhas díobhálach a sheachaint ábhartha, agus má tá, cé chomh ábhartha a bhfuil sé?

3) Faoi réir an chéad dá cheist, an bhfuil foráil amhail Airteagal 4(1) decreto legislativo 26 ottobre 1995 n. 504 (Foraithne Reachtach Uimh. 504 an 26 Deireadh Fómhair 1995), lena ndéantar gnáthfhaillí (arna déanamh ag an duine céanna nó ag tríú páirtithe) a chothromú le himthosca neamh-intuartha agus force majeure, atá i gcomhréir le forálacha Airteagal 7(4) de Threoir 2008/118/CE, nach leagtar síos aon choinníollacha eile ann, go háirithe maidir le "locht" dhéantóir nó an rannpháirtí gníomhach?

4) Ar deireadh, an féidir an téarma "nó de thoradh ar údarú ó údaráis inniúla an Bhallstáit" atá in Airteagal 7(4) freisin, a thuisicint sa chiall go bhféadfadh an Ballstát catagóir ghinearálta bhreise (faillí beag) a shainaithint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don sainmhíniú ar scaoileadh lena thomhailt i gcás ina scriostar nó ina gcaillfear an táirge, nó an féidir nach n-áireofaí clásal den sórt sin leis an téarma sin, ach ní mór a thuiscint, a mhalairt air sin, go dtagraíonn sé do chásanna sonracha, a údaraítear ina n-aonar nó a shainaithnítear ar bhealach eile le fasaigh ina sainítear na heilimintí oibiachtúla?

([1]) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na comhshocruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO 2009 L 9, lch. 12).

---